



CÚIRT
INIÚCHÓIRÍ
NA hEORPA

GA

Tuairim 03/2022

(de bhun Airteagal 322(2), CFAE)

maidir leis an togra ón
gComhairle maidir leis na
modhanna agus an nós
imeachta chun acmhainní dílse
a chur ar fáil bunaithe ar an
gCóras Trádála Astaíochtaí, ar
an Sásra Coigeartaithe Carbóin
ar Theorainneacha agus ar
bhrabúis ath-leithdháilte agus
ar na bearta chun riachtanais
airgid a chomhlíonadh
[2022/0071(NLE)]

Ábhar

	Alt
Réamhrá	01-16
Acmhainní dílse nua beartaithe chun NextGenerationEU a mhaoiniú	05-11
Acmhainn dhílis bunaithe ar Chóras Trádála Astaíochtaí athbhreithnithe an Aontais	05-06
Acmhainn dhílis bunaithe ar Shásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha	07-08
Acmhainní dílse bunaithe ar an sciar de na brabúis iarmharacha a leithdháiltear chuig Ballstáit ó na fiontair ilnáisiúnta is mó agus is brabúsaí	09-11
Acmhainní dílse a chur ar fáil	12-13
An Togra	14-16
Barúlacha	17-38
Barúlacha ginearálta	17-19
Barúlacha sonracha	20-38
Forálacha ginearálta	21
Cuntais le haghaidh acmhainní dílse	22-24
Acmhainní dílse a ríomh	25
Acmhainní dílse a chur ar fáil	26-33
Íocaíocht faoi fhorchoimeádas agus an nós imeachta athbhreithniúcháin	34-36
Forálacha críochnaitheacha	37-38
Leasuithe ar an togra atá beartaithe	39

Conclúidí

Dul chun cinn déanta maidir le hacmhainní dílse nua a thabhairt isteach	40-46
Tá gá le tuilleadh comhleanúnachais sna rialacha maidir le hacmhainní dílse a bhainistiú	40-41
Tá gá le tuilleadh comhleanúnachais sna rialacha maidir le hacmhainní dílse a bhainistiú	42-43
Tá gá leis na rialacha go léir maidir le hacmhainní dílse a chur ar fáil a chomhtháthú in ngníomh reachtach aonair	44
Tá sonraí neamh-leordhóthanacha ann chun measúnú iomchuí a dhéanamh	45-46

Iarscríbhinn

Na hathruithe a mholaimid maidir leis an Togra agus tráchtanna ina leith

TÁ CÚIRT INIÚCHÓIRÍ AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 322(2) de;

Ag féachaint don togra ón gComhairle maidir leis na modhanna agus an nós imeachta chun acmhainní dílse a chur ar fáil bunaithe ar an gCóras Trádála Astaíochtaí, ar an Sásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha agus ar bhrabúis ath-leithdháilte agus ar na bearta chun riachtanais airgid a chomhlíonadh, a glacadh an 14 Márta 2022¹;

Ag féachaint don iarraidh ón gComhairle ar thuairim, a fuarthas an 30 Márta 2022;

Ag féachaint do Chinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2014/335/AE, Euratom²;

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 609/2014 ón gComhairle maidir leis na modhanna agus an nós imeachta chun acmhainní dílse traidisiúnta, bunaithe ar CBL agus bunaithe ar OIN, a chur ar fáil agus maidir leis na bearta chun riachtanais airgid a chomhlíonadh³, arna leasú go deireanach le Rialachán (AE, Euratom) 2022/615 an 5 Aibreán 2022⁴;

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2021/770 ón gComhairle maidir le ríomh na hacmhainne dílse bunaithe ar dhramhaíl ó phacáistíocht phlaisteach nach ndéantar athchúrsáil uirthi, maidir leis na modhanna agus an nós imeachta chun an acmhainn dhílis sin a chur ar fáil, maidir le bearta chun riachtanais airgid a chomhlíonadh, agus maidir le gnéithe áirithe den acmhainn dhílis bunaithe ar ollioncam náisiúnta⁵; agus

¹ COM(2022) 101 final, 2022/0071 (NLE) an 14.3.2022.

² IO L 424, 15.12.2020, lch. 1.

³ IO L 168, 7.6.2014, lch. 39.

⁴ IO L 115, 13.4.2022, lch. 51.

⁵ IO L 165, 11.5.2021, lch. 15.

Ag féachaint do thuairimí roimhe seo ó Chúirt Iníúchóirí na hEorpa⁶ ar chóras acmhainní dílse an Aontais, go háirithe Tuairimí 5/2018 agus 2/2021.

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Sa Pháipéar Machnamh ón gCoimisiún ar thodhchaí airgeadas an Aontais⁷, cuirtear i bhfáth go bhfuil an cur chuige atá ann faoi láthair maidir le maoiniú róchasta, doiléir agus tá smál sásraí ceartúcháin casta orthu, agus gur cheart go mbeadh an córas simplí, cóir agus trédhearcach amach anseo;
- (2) Sa rún maidir le córas acmhainní dílse an Aontais a athchóiriú a ghlac Parlaimint na hEorpa i mí an Mhárta 2018, leagadh béim ar easnaimh sa chaoi a mhaoinítear buiséad AE agus iarrtar ann go ndéanfaí athchóirithe forleathana agus, go háirithe, go dtabharfaí isteach catagóirí nua, éagsúla d'acmhainní dílse agus go gcuirfí stop leis na ceartúcháin go léir⁸.

TAR ÉIS AN TUAIRIM SEO A LEANAS A GHLACADH:

⁶ Tuairimí 2/2021 (IO C 4021, 05.10.2021, lch. 1), 11/2020 (IO C 26, 22.1.2021, lch. 1), 5/2018 (IO C 431, 29.11.2018, lch. 1), 7/2015 (IO C 5, 8.1.2016, lch. 1), 7/2014 (IO C 459, 19.12.2014, lch. 1), 2/2012 (IO C 112, 18.4.2012, lch. 1), 2/2008 (IO C 192, 29.7.2008, lch. 1), 2/2006 (IO C 203, 25.8.2006, lch. 50), 4/2005 (IO C 167, 7.7.2005, lch. 1) agus 7/2003 (IO C 318, 30.12.2003, lch. 1).

⁷ COM(2017) 358 final an 28.6.2017.

⁸ Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 14 Márta 2018 maidir le hathchóiriú ar chóras acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh(2017/2053(INI)).

Réamhrá

01 Is é NextGenerationEU (“NGEU”) ciste an Aontais chun tacú leis na Ballstáit chun tionchar socheacnamaíoch phaindéim COVID-19 a laghdú agus filleadh ar an mbóthar ceart i dtreo fáis inbhuanaithe. Beidh suas le €750 billiún de chistiú a tiomsaithe ar na margáí caipitil curtha ar fáil faoi NGEU. Tá ioncam leordhóthanach ag teastáil chun aisíocaíochtaí an Aontais a chlúdach le haghaidh an tacaíocht neamh-inaisíoctha chuig Ballstáit a bhaineann le NGEU. Tá na híocaíochtaí sin sceidealaithe le leanúint ar aghaidh go dtí deireadh 2058⁹.

02 Mar chuid den Chomhaontú Idirinstitiúideach (IIA) faoi chreat airgeadais ilbhliantúil (CAI) 2021-2027¹⁰, chomhaontaigh Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún ar threochlár chun oibriú i dtreo acmhainní dílse nua leordhóthanacha a thabhairt isteach d’fhonn suim a chlúdach atá comhfhreagrach leis an gcaiteachas ionchasach a bhaineann le hais-íocaíochtaí NGEU. Faoin dtreochlár, bheartódh an Coimisiún cúig acmhainn dhílis nua — trí cinn in 2021 agus péire in 2024 — agus iad a thabhairt isteach le haghaidh blianta airgeadais 2023 agus 2026 faoi seach.

03 Ar an 22 Nollaig 2021, mhol an Coimisiún leasú a dhéanamh ar an gCinneadh maidir le hAcmhainní Dílse (ORD)¹¹ chun trí chatagóir nua d’acmhainní dílse nua a thabhairt isteach de réir a chéile ó 2023: an chéad cheann bunaithe ar Chóras Trádála Astaíochtaí athbhreithnithe an Aontais, agus an dara ceann bunaithe ar an Sásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha, agus an tríú ceann bunaithe ar an sciar de na brabúis iarmharacha a leithdháiltear chuig Ballstáit ó na fiontair ilnáisiúnta is mó agus is brabúsaí. Níl an togra seo glactha go fóill. Ag an am céanna, gheall an Coimisiún go

⁹ Rialachán (AE) 2020/2094 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 lena mbunaítear Ionstraim Théarnaimh de chuid an Aontais Eorpaigh chun tacú leis an téarnamh i ndiaidh ghéarchéim COVID-19, IO L 433I, 22.12.2020, Ich. 23.

¹⁰ Comhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir leis an smacht buiséadach, comhar in ábhair bhuiséadacha agus bainistíocht fhóna airgeadais, mar aon le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár chun acmhainní dílse nua a thabhairt isteach, (IO L 433I, 22.12.2020, Ich. 28).

¹¹ Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh, COM(2021) 570 final 2021/0430 (CNS).

molfadh sé rialacha nua sa chéad leath de 2022 maidir le hacmhainní dílse nua a chur ar fáil.

04 Ar an 14 Márta 2022, chuir an Coimisiún isteach togra chuig an gComhairle le haghaidh rialachán maidir leis na modhanna agus an nós imeachta chun acmhainní dílse a chur ar fáil bunaithe ar an gCóras Trádála Astaíochtaí, ar an Sásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha agus ar bhrabúis ath-leithdháilte agus ar na bearta chun riachtanais airgid a chomhlíonadh (an Togra). An 30 Márta 2022, d'iarr an Chomhairle ar an gCúirt tuairim a thabhairt ar an Togra.

Acmhainní dílse nua beartaithe chun NextGenerationEU a mhaoiniú

Acmhainn dhílis bunaithe ar Chóras Trádála Astaíochtaí athbhreithnithe an Aontais

05 Is é Córas Trádála Astaíochtaí AE (CTA) margadh carbóin an Aontais trína gceannaíonn nó trína bhfaigheann cuideachtaí liúntais astaíochtaí. Molann an Coimisiún go bhfabhrófar 25 % den ioncam a ghintear ó liúntais, laistigh de scóip na n-acmhainní dílse, ó thrádáil astaíochtaí, chuig buiséad an Aontais. Áirítear leis sin ioncam ón CTA reatha le haghaidh suiteáileacha do-aistrithe agus eitlíocht dá gceantálfaí liúntais astaíochtaí, chomh maith leis an CTA a leathnú amach chuig iompar muirí agus scéim trádála astaíochtaí ar leithligh a thabhairt isteach le haghaidh iompar de bhóthar agus foirgnimh.

06 Mhol an Coimisiún freisin san ORD (féach mír **03**) sásra dlúthpháirtíochta sealadaí. Tugann an sásra isteach ranníocaíocht uasta le haghaidh Ballstáit atá ar íseal-ioncam agus atá dian ó thaobh carbóin, agus ranníocaíocht íosta le haghaidh Ballstáit ísealcharbóin ina mbíonn ard-ioncam de ghnáth. Is é meastachán an Choimisiún ná go nginfidh acmhainn dhílis bunaithe ar CTA €12 billiún ar an meán in aghaidh na bliana do bhuiséad AE a chlúdaíonn 2026-30.

Acmhainn dhílis bunaithe ar Shásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha

07 Cuireann an Sásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha (SCCT) praghas carbóin ar allmhairithe san Aontas a bhfuil a dtáirgeadh faoi réir astaíochtaí atá comhfhreagrach leis an méid a bheadh íoctha dá dtáirgfí na hearraí sa Mhargadh Aonair. Tá glacadh SCCT faoi phlé reachtach faoi láthair¹².

08 Chun earraí a allmhairiú isteach san Aontas, beidh ar allmhaireoirí teastas SCCT a cheannach. Déanfar praghas na dteastas a ríomh ar bhonn meánphraghas ceantála seachtainiúil astaíochtaí CTA, sloinnte mar euro in aghaidh an tona den CO₂ a astaítear. Molann an Coimisiún go rachadh 75 % den ioncam a bhailíonn na Ballstáit faoi SCCT chuig buiséad AE. Táthar ag súil go dtosóidh an sásra ag giniúint ioncam do bhuiséad AE tar éis na hidirthréimhse atá pleanáilte do 2023-2025. Is é an meastachán ná go nginfidh an sásra €1 billiún ar an meán in aghaidh na bliana do bhuiséad AE a chlúdaíonn 2026-30.

Acmhainní dílse bunaithe ar an sciar de na brabúis iarmharacha a leithdháiltear chuig Ballstáit ó na fiontair ilnáisiúnta is mó agus is brabúsaí

09 Molann an Coimisiún go ndéanfaidh Ballstáit ranníocaíocht náisiúnta chuig buiséad AE, bunaithe ar an sciar de na brabúis iarmharacha a ath-leithdháiltear ar Bhallstáit ó na fiontair ilnáisiúnta (FINanna) is mó agus is brabúsaí. Beidh Ballstáit incháilithe chun sciar de na brabúis ath-leithdháilte a fháil a bhaineann le hearraí nó seirbhísí a chuireann na FINanna ar fáil agus a úsáidtear nó a ídítear laistigh dá ndlínse.

10 Tá an acmhainn dhílis sin bunaithe ar an athchóiriú ar an gcreat idirnáisiúnta cánach a chomhaontaigh níos mó ná 130 comhalta den Chreat Cuimsitheach ECFE/G20 maidir le creimeadh an bhoinn agus aistriú brabúis i mí Dheireadh Fómhair 2021. Is é is aidhm le “Colún a hAon” den chomhaontú sin ná ligean do thíortha rannpháirteacha cáin a ghearradh ar sciar de bhrabúis iarmharacha na FINanna is mó ar domhan, togra atá fós á phlé faoi láthair go hidirnáisiúnta. Mar thoradh air sin, níl togra le haghaidh reachtaíocht eárnalach glactha ag an gCoimisiún go fóill.

¹² Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha COM(2021) 564 final 2021/0214 (COD).

11 Faoin acmhainn dhílis sin atá beartaithe , rannchuideodh Ballstáit chuig bhuiséad AE, 15 % den sciar de bhrabúis incháinite FINanna atá leithdháilte dóibh. Meastar go nginfidh an acmhainn dhílis sin idir €2.5 agus €4 billiún d’ioncam in aghaidh na bliana do bhuiséad AE.

Acmhainní dílse a chur ar fáil

12 Is colúin de chóras airgeadais an Aontais iad na “Rialachán maidir le cur ar fáil”, a chomhlánaíonn ORD. Bunaítear leo na nósanna imeachta agus na sprioc-amanna maidir le hacmhainní dílse a chur ar fáil don Choimisiún, mar atá leagtha amach thíos:

- o Baineann Rialachán Uimh. 609/2014 (MAR1) le hAcmhainní Dílse Traidisiúnta (ADT), acmhainní dílse bunaithe ar Cháin Bhreisluacha (CBL) agus acmhainní dílse bunaithe ar Ollioncam Náisiúnta (OIN); agus
- o Clúdaíonn Rialachán 2021/770 (MAR2) na hacmhainní dílse nua bunaithe ar dhramhaíl pacáistíochta plaistí nach n-athchúrsáiltear.

13 Má dhéantar é a ghlacadh, tabharfaí isteach leis na leasuithe ar ORD atá beartaithe i míreanna **05** go **11** trí acmhainn dhílse nua chuig chóras airgeadais AE. Tá siad sin faoi phlé reachtach faoi láthair, ach tá Togra curtha síos ag an gCoimisiún cheana féin ag an staid luath seo chun “Rialachán maidir le cur ar fáil” sonracha a thabhairt isteach le haghaidh na hacmhainní dílse (MAR3) (féach mír **04**). Tá ár dtuairim maidir leis an Togra seo leagtha amach thíos.

An Togra

14 Dar leis an gCoimisiún, tá socruithe praiticiúla sa Togra, lena n-áirítear rialú, maoirseacht agus bearta athbhreithnithe le haghaidh acmhainní dílse breise san ORD leasaithe. Tá macasamhail ar fhorálacha MAR1 agus MAR3 ina struchtúr a mhéid a bhaineann le caomhnú doiciméid, comhair riaracháin, cuntais d’acmhainní dílse, socruithe státchiste agus cuntasáíochta, agus bainistiú acmhainní airgid.

15 Leagtar amach rialacha sa Togra maidir le trí acmhainn dhílse bhreise a chur ar fáil. Tá forálacha ann freisin maidir le híocaíochtaí faoi fhorchoimeádas agus nósanna imeachta athbhreithniúcháin, agus ús iníoctha má chuirtear acmhainní dílse ar fáil go déanach.

16 Athdhearbhaíonn an Coimisiún sa Togra gur cheart na forálacha maidir leis na hacmhainní dílse uile a chur ar fáil a chumasc a luaithe a thiocfar ar chomhaontú maidir leis an Togra seo ionas nach mbeidh roinnt Rialachán (MAR1, MAR2 agus MAR3) ann ag an am céanna agus chun comhleanúnachas dlíthiúil a áirithiú i gcomhréir le clár oibre an Aontais maidir le Rialáil Níos Fearr¹³.

¹³ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún – Rialáil níos fearr: Oibriú as lámha a chéile chun dlíthe níos fearr a dhéanamh, COM(2021) 219 final an 29.4.2021.

Barúlacha

Barúlacha ginearálta

17 Cé is moite den phríomh-chomhpháirt den acmhainn dhílse bunaithe ar CTS atá beartaithe, níl an reachtaíocht earnálach le haghaidh acmhainní dílse nua a leagtar amach sa Togra glactha go fóill. Níl bailcríoch curtha go fóill leis an bpróiseas reachtach chun CTA a leathnú amach chun astaíochtaí ó iompar bóthair agus muirí agus ó fhoirgnimh a chlúdach, agus chun SCCT a ghlacadh. Níl an bunús bunaithe go fóill ach an oiread le haghaidh na brabúis iarmharacha a leithdháiltear do Bhallstáit ó na FINanna is mó agus is brabúsaí a ríomh. Ós rud é go bhfuil obair á déanamh faoi láthair ar an gCoinbhinsiún Iltaobhach chun an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE) agus an Creat Cuimsitheach G20 um Chreimeadh an Bhoinn agus Aistriú Brabúis¹⁴ a chur chun feidhme, d'fhógair an Coimisiún go gcuirfidh sé síos togra le haghaidh treoir ón gComhairle i gcaitheamh 2022.

18 Mar thoradh air sin, níl nósanna imeachta inmheánacha bunaithe ag an gCoimisiún go fóill chun na hacmhainní dílse nua atá beartaithe a bhainistiú. Cuireann siad sin na nósanna imeachta chun ioncam a ríomh, a bhunú agus a aisghabháil i mbaol. Cuireann an easpa faisnéise atá ar fáil maidir le feidhmiú na bpróiseas sin srian ar scóip na Tuairime seo.

19 Thuairiscíomar roimhe seo go bhfuil an córas acmhainní dílse casta agus go bhfuil easpa trédhearcachta i gceist leis¹⁵. Ag eascairt ón leasú atá beartaithe ag an gCoimisiún ar ORD lena gcuirtear trí acmhainn dhílse nua leis, tugann an Togra isteach tacar sonracha de rialacha agus modhanna chun iad a chur ar fáil. Tá na rialacha agus na modhanna sin éagsúil ó na cinn is infheidhme maidir le hacmhainní dílse atá anois ann (féach míreanna **21** go **38**). Mar sin, is é ár dtuairim go bhfuil córas airgeadais an Aontais fós casta.

¹⁴ Ráiteas maidir le réiteach dhá cholún chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin chánacha a eascraíonn as an ngeilleagar a dhigiteáil, tionscadal ECFE/G20 um Chreimeadh an Bhoinn agus Aistriú Brabúis, an 8 Deireadh Fómhair 2021.

¹⁵ I dtuairimí 2/2012 agus 2/2006, chuireamar ár n-ímní in iúl maidir le castacht na gcóras acmhainní dílse atá ann faoi láthair (agus an ceann a tháinig roimhe) chun buiséad AE a mhaoiniú, agus maidir leis an easpa trédhearcachta atá i gceist leo.

Barúlacha sonracha

20 Anuas ar na pointí atá ardaithe thuas, tugaimid barúlacha sonracha maidir leis na caibidlí seo a leanas den Togra (á tagairt do na forálacha ábhartha):

- (a) Forálacha ginearálta (Airteagail 1 go 4 atá beartaithe);
- (b) Cuntais le haghaidh acmhainní dílse (Airteagail 5 agus 6 atá beartaithe);
- (c) Acmhainní dílse a ríomh (Airteagail 7 agus 9 atá beartaithe);
- (d) Acmhainní dílse a chur ar fáil (Airteagail 10 agus 17 atá beartaithe);
- (e) Íocaíocht faoi fhorchoimeádas agus an nós imeachta athbhreithniúcháin (Airteagail 18 agus 19 atá beartaithe);
- (f) Forálacha ginearálta (Airteagail 21 go 22 atá beartaithe);

Forálacha ginearálta

21 Molann an Coimisiún gur cheart gurbh ionann an **tréimhse chun doiciméid tacaíochta a chaomhnú** agus trí bliana do na hacmhainní dílse bunaithe ar CTA agus cúig bliana do na hacmhainní dílse bunaithe ar SCCT agus na hacmhainní dílse bunaithe ar bhrabús ath-leithdháilte¹⁶. Tá tréimhsí éagsúla ag na hacmhainní dílse atá ann cheana féin chun doiciméid a chaomhnú: trí bliana do ADT, ceithre bliana d'acmhainní dílse bunaithe ar OIN agus CBL, agus cúig bliana d'acmhainní dílse bunaithe ar dhramhaíl pacáistíochta plaistí neamh-athchúrsáilte. Cé go mbíonn éagsúlachtaí ann idir tréimhsí beartaithe chun doiciméid tacaíochta a chaomhnú, is geal linn go bhfuil siad comhleanúnach leis an sprioc-am chun gach acmhainn dhílis a cheartú (féach mír **32**).


¹⁶ Airteagal 2 den Togra.

Cuntais le haghaidh acmhainní dílse

22 A mhéid a bhaineann le hacmhainní dílse a ionchur sna cuntais, déanann an Togra foráil le haghaidh **blianta tagartha le húsáid chun rannchuidithe a ríomh** d'aon bhuiséad ar leith (féach **Íomhá 1**):

- o An bhliain bhuiséadach i gcás na hacmhainne dílse bunaithe ar CTA¹⁷;
- o Dhá bhliain roimh an bhliain bhuiséadach le haghaidh an acmhainn dhílis bunaithe ar SCCT¹⁸; agus
- o trí bliana roimh an bhliain bhuiséadach i gcás na hacmhainne dílse bunaithe ar bhrabúis ath-leithdháilte¹⁹;

Íomhá 1 – An tréimhse ríomha le haghaidh acmhainní dílse éagsúla



* Tá rannchuidithe CTA bunaithe ar fhigiúirí críochnaitheacha, ach tá na coigeartuithe don sásra dlúthpháirtíochta sealadaí (féach mír **06**) bunaithe ar réamhfhaisnéisí.

Foinse: CIE, bunaithe ar Rialachán (AE, Euratom) 2021/770 ón gComhairle, Rialachán (CEE, Euratom) Uimh. 609/2014 ón gComhairle agus an Togra.

¹⁷ Airteagail 5(3) agus 7(1) den Togra.

¹⁸ Airteagail 5(4) agus 8 den Togra.

¹⁹ Airteagail 5(5) agus 9 den Togra.

23 Cé go bhfuil an cur chuige beartaithe maidir leis an acmhainn dhílis bunaithe ar CTA comhchosúil leis an gceann a úsáidtear le haghaidh ADT, leis an gcur chuige atá beartaithe le haghaidh acmhainní dílse atá bunaithe ar SCCT agus atá bunaithe ar bhrabúis ath-leithdháilte, scoirtear an bhliain thagartha chun na ranníocaíochtaí náisiúnta a ríomh ón mbliain a raibh siad ag teastáil le haghaidh buiséad AE. Ciallaíonn sé sin nach bhfuil ranníocaíocht na mBallstát chuig buiséad AE nasctha leis an mbliain thagartha atá tugtha inar gá an caiteachas a mhaoiniú.

24 An cur chuige maidir le hacmhainní dílse bunaithe ar SCCT nó ar bhrabúis ath-leithdháiltear, díbhéirsíonn sé ó na cuir chuige a bhí ann cheana a úsáidtear le haghaidh acmhainní dílse atá i mbun feidhme faoi láthair agus an acmhainn dhílis bunaithe ar CTA atá beartaithe. Na hacmhainní dílse bunaithe ar OIN, CBL agus dramhaíl phlaisteach neamh-athchúrsáilte, tá siad buiséadaithe ar bhonn réamhaisnéisí ar na suimeanna don bhliain bhuiséadach. Déantar iad a bhunú roimh ré agus ansin déantar iad a choigeartú sna blianta ina dhiaidh sin (trí chóras iarmhéideanna agus coigeartuithe ar iarmhéideanna). Aithnímid, áfach, maidir leis an modh atá beartaithe le haghaidh acmhainní dílse bunaithe ar SCCT agus ar bhrabúis ath-leithdháilte, go méadaíonn sé intuarthacht. D'fhéadfadh sé sin an t-ualach riaracháin a bhaineann le bainistiú acmhainní dílse a laghdú freisin, mar níl aon ghá le nós imeachta comhardaithe sna blianta amach anseo.

Acmhainní dílse a ríomh

25 Braitheann na modhanna atá beartaithe chun na trí acmhainn dílse nua²⁰ a ríomh go mór ar fhormheas an leasaithe ar ORD atá beartaithe ag an gCoimisiún, ar fhormheas na reachtaíochta earnálaí atá faoi phlé reachtach nó atá beartaithe, agus ar fhorbairt na nósanna imeachta chun iad a bhainistiú (féach míreanna **17** agus **18**). Mar sin, ní féidir linn measúnú cuimsitheach a dhéanamh ar na forálacha atá beartaithe chun na foinsí ioncaim nua sin a ríomh.

²⁰ Airteagail 7 go 9 den Togra.

Acmhainní dílse a chur ar fáil

An t-amchlár maidir leis na hacmhainní dílse a chur ar fáil

26 Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún go gcuirfear na hacmhainní dílse nua ar fáil ar an gcéad lá oibre den mhí:

- Cuirfear an acmhainn dhílis bunaithe ar CTA ar fáil ar an gcéad lá oibre den dara mhí tar éis na míosa ina mbunaítear an teidlíocht²¹;
- Beidh an acmhainn dhílis bunaithe ar bhrabúis ath-leithdháilte curtha ar fáil ar an gcéad lá oibre de gach mhí (beidh na suimeanna cothrom leis an dara chuid déag den ráiteas atá seolta ag na Ballstáit sa bhliain roimhe sin)²²;
- Don acmhainn dhílis bunaithe ar SCCT, cuirfear cistí ar fáil go bliantúil ar an gcéad lá oibre de mhí Feabhra²³.

27 Cuirtear acmhainní dílse atá ann cheana ar fáil ar an gcéad lá oibre de gach mhí (seachas ADT, a chuirtear ar fáil ar an gcéad lá oibre tar éis an 19ú lá den dara mhí tar éis na míosa inar bunaíodh an teidlíocht). Is geal linn an ailíní ar an amchlár chun acmhainní dílse a chur ar fáil.

Comhardú, ceartúcháin agus coigeartuithe

28 Áirítear sa Togra nós imeachta maidir leis an “méid coigeartaithe iomlán”²⁴ a chomhardú don acmhainn dhílis bunaithe ar CTA²⁵. Tá an nós imeachta sin dírithe ar na sonraí OIN agus CTA is déanaí a ionchorprú chun na ranníocaíochtaí atá déanta ag na Ballstáit in aon bhliain ar leith a choigeartú i mblianta ina dhiaidh sin. Chuirfeadh an Coimisiún in iúl do na Ballstáit faoin 1 Feabhra torthaí an nós imeachta sin, agus dhéanfadh gach Ballstát an ghlanmhéid a eascraíonn uaidh a ionchur sna cuntais ar an gcéad lá oibre de mhí an Mhárta an bhliain dar gcion.

²¹ Airteagal 11 den Togra.

²² Airteagal 15 den Togra.

²³ Airteagal 13 den Togra.

²⁴ Airteagal 7(4) den Togra.

²⁵ Airteagal 12 den Togra.

29 Leagtar amach na Togra freisin forálacha chun SCCT²⁶ agus na hacmhainní bunaithe ar bhrabúis ath-leithdháilte²⁷ a cheartú agus a choigeartú. Modhnaítear leis na ceartúcháin agus na coigeartuithe sin na ranníocaíochtaí in aon bhliain ar leith, agus déanfar iad a thaifead sa ráiteas don bhliain dar gcion. Don acmhainn dhílis bunaithe ar SCCT, cuirfidh na Ballstáit suimeanna na gcoigeartuithe ar leith ar fáil ar an gcéad lá oibre de mhí Feabhra an bhliain tar éis na bliana inar sheol gach Ballstát a ráiteas bliantúil. Do na hacmhainní dílse bunaithe ar bhrabúis ath-leithdháilte, cuirfí na coigeartuithe ar fáil ina ndódhéaguithe, ar an gcéad lá oibre de gach mí, sa bhliain tar éis na bliana ina seolann gach Ballstát a ráiteas bliantúil. Ní chuirtear in iúl san fhoráil atá beartaithe cén uair ar cheart don Choimisiún na Ballstáit a chur ar an eolas maidir leis na ceartúcháin agus na coigeartuithe sin, d'fhonn iad a áireamh, i gcás inar ghá, i ráiteas na céad bliana eile. Trí sprioc-am a shocrú, cuirfear tuilleadh feabhais ar intuarthacht na mBallstát.

30 Tá éagsúlachtaí ar roinnt bhealaí idir na nósanna imeachta atá beartaithe agus na nósanna imeachta is infheidhme maidir leis na hacmhainní dílse atá ann cheana. Maidir leis an hacmhainní dílse bunaithe ar CBL agus OIN, tugann an Coimisiún fógra maidir le torthaí an nós imeachta comhardaithe, lena n-áirítear roinnt ceartúcháin, faoin 1 Feabhra, agus déanann gach Ballstát an glanmhéid a ionchur sna cuntais ar an gcéad lá oibre de mhí an Mhárta an bhliain ina dhiadh sin. Maidir leis an acmhainn dhílis bunaithe ar dhramhaíl phlaisteach neamh-athchúrsáilte, cuirfear na méideanna ar fáil ar an gcéad lá oibre de mhí an Mheithimh sa bhliain chéanna.

31 Cé go n-aithnímid go bhféadfadh sé go leanfadh iarmhéideanna go réamhaisnéisí, agus ceartúcháin agus coigeartuithe ar an ioncam bailithe rialacha éagsúla, tá an cuspóir céanna acu go léir na suimeanna d'acmhainní dílse a bhí curtha ar fáil i mblianta roimhe sin a choigeartú. Creidimid, dá bhrí sin, go bhfuil deis ann le haghaidh comhchuibhiú chun an chastacht a laghdú.




²⁶ Airteagal 14 den Togra.

²⁷ Airteagal 16 den Togra.

Spríoc-am do cheartúcháin

32 tá sé beartaithe ag an gCoimisiún nár cheart go mbeadh an acmhainn dhílis bunaithe ar CTA inathraitheach níos mó tar éis 31 Nollaig den tríú bliain tar éis na bliana i gceist²⁸. Is é seo an spríoc-am céanna is atá ann do ADT. Do na hacmhainní dílse bunaithe ar SCCT agus ar bhrabúis ath-leithdháilte, is é an spríoc-am atá beartaithe le haghaidh athruithe ná an 31 Iúil den chúigiú bliain²⁹. I **dTábla 1**, déanaimid comparáid idir na spríoc-amanna ceartúcháin le haghaidh acmhainní dílse atá beartaithe agus atá ann cheana. Tá spríoc-am éagsúil ag gach acmhainn dhílis nach féidir aon athrú a chur san áireamh ina dhaidh maidir le hacmhainní dílse. Cé go bhféadfadh údar a bheith leis na héagsúlachtaí sin go pointe áirithe mar gheall ar thréithe sonracha gach ceann de na hacmhainní dílse, creidimid go bhfuil deis ann chun na spríoc-amanna chun ceartúcháin a dhéanamh a ailíniú ar bhealach níos fearr.

Tábla 1 – Spríoc-am le haghaidh ceartúcháin (cosc ama) do na hacmhainní dílse éagsúla

Cineál acmhainne dílse	Bunús dlí	Spríoc am do cheartúcháin
		
ADT	Rialachán Uimh. 609/2014 (MAR1)	31 Nollaig sa <u>tríú bliain</u>
Acmhainn dhílis CBL-bhunaithe	Rialachán Uimh. 1553/1989	31 Iúil sa <u>ceathrú bliain</u>
Acmhainn dhílis OIN-bhunaithe	Rialachán Uimh. 609/2014 (MAR1)	30 Samhain sa <u>ceathrú bliain</u>
Acmhainn dhílis bunaithe ar dhramhail ó phacáistíocht phlaisteach neamh-athchúrsáilte	Rialachán 2021/770 (MAR2)	31 Iúil sa <u>chúigiú bliain</u>
Acmhainn dhílis CTA-bhunaithe	Togra (Airteagal 6)	31 Nollaig sa <u>tríú bliain</u>
Acmhainn dhílis SCCT-bhunaithe	Togra (Airteagal 14)	31 Iúil sa <u>chúigiú bliain</u>
Acmhainn dhílis bunaithe ar bhrabúis ath-leithdháilte	Togra (Airteagal 16)	31 Iúil sa <u>chúigiú bliain</u>

Foinse: CIE, bunaithe ar Rialachán (AE, Euratom) 2021/770 ón gComhairle, Rialachán (CEE, Eurotom) ón gComhairle Uimh. 1553/1989, Rialachán (CEE, Euratom) Uimh. 609/2014 ón gComhairle agus an Togra.

Úis ar shuimeanna a chuirtear ar fáil go déanach

33 Déantar ús iníoctha ar shuimeanna a cuireadh ar fáil go déanach a ríomh i gcomhréir leis an gcur chuige a shonraítear in MAR1, lena n-áirítear tairseach de €1 000, a dtarscaoiltear ús gnóthaithe faoine bhun³⁰. Is geal linn go bhfuil macasamhail na luacha atá socraithe do TOR agus acmhainní dílse bunaithe ar CBL agus OIN le feiceáil sa mhéid sin, ach tugaimid ar aire nach bhfuil sa tairseach chun an ús ar shuimeanna a chuirtear ar fáil go déanach i dtaca leis an acmhainn dhílis bunaithe ar dhramhaíl phlaisteach neamh-athchúrsáilte ach €500³¹.

Íocaíocht faoi fhorchoimeádas agus an nós imeachta athbhreithniúcháin

34 Ní cheadaítear **íocaíocht faoi fhorchoimeádas** ach amháin i gcás na n-acmhainní dílse bunaithe ar SCCT agus ar bhrabúis ath-leithdháilte³². Is ann do na nósanna imeachta den chineál sin le haghaidh ADT agus le haghaidh an acmhainn dhílis bunaithe ar OIN. Tugaimid ar aire, áfach, maidir leis na hacmhainní dílse bunaithe ar CTA, ar OIN agus ar dhramhaíl phlaisteach neamh-athchúrsáilte, ní dhéanann an riail atá beartaithe agus atá ann cheana foráil d'fhéidearthacht den chineál sin.

35 Léiríonn an Togra go bhfuil feidhm ag an **nós imeachta athbhreithniúcháin** maidir leis na hacmhainní dílse bunaithe ar SCCT agus ar bhrabúis ath-leithdháilte³³ Tá sé sin an-chosúil leis an nós imeachta do ADT, a tugadh isteach le déanaí le MAR1³⁴. Tá nós

²⁸ Airteagal 6 den Togra.

²⁹ Airteagail 14(3) agus 16(3) den Togra.

³⁰ Airteagal 17 den Togra.

³¹ Féach Airteagal 11(3) de Rialachán (AE, Euratom) 2021/770 ón gComhairle an 30 Aibreán 2021 maidir le ríomh na hacmhainne dílse bunaithe ar dhramhaíl ó phacáistíocht phlaisteach neamh-athchúrsáilte, ar na modhanna agus an nós imeachta chun an acmhainn dhílis sin a chur ar fáil, maidir leis na bearta chun riachtanais airgid thirim a chomhlíonadh, agus ar ghnéithe áirithe den acmhainn dhílis bunaithe ar ollcháin ioncaim náisiúnta.

³² Airteagal 18 den Togra.

³³ Airteagal 19 den Togra.

³⁴ Rialachán (AE, Euratom) 2022/615 ón gComhairle an 5 Aibreán 2022 lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 609/2014 d'fhonn intuarthacht a fheabhsú do Bhallstáit agus na nósanna imeachta maidir le réiteach díospóidí a shoiléiriú nuair a bhíonn na hacmhainní dílse traidisiúnta, bunaithe ar CBL agus OIN, á gcur ar fáil, IO L 115, 13.4.2022, lch. 51.

imeachta den chineál sin éagsúil, áfach, ó na cinn atá leagtha amach i Rialachán (CEE, Euratom) Uimh. 1553/89 don acmhainn bunaithe ar CBL agus i MAR2 don acmhainn dhílis bunaithe ar dhramhaíl ó phacáistíocht phlaisteach neamh-athchúrsáilte. Ina theannta sin, tugaimid ar aire nach bhfuil sé beartaithe ag an gCoimisiún nós imeachta athbhreithniúcháin nua a thabhairt isteach don acmhainn dhílis bunaithe ar CTA. I [dTábla 2](#), léirimid anailís chomparáideach ar na hathbhreithnithe is infheidhme maidir leis na hacmhainní dílse atá beartaithe agus atá ann cheana.

Tábla 2 – Comparáid idir na nósanna imeachta athbhreithniúcháin d’acmhainní dílse faoi ghníomhartha dlíthiúla atá ann cheana agus na nósanna imeachta faoin Togra

Cineál acmhainne dílse	Bunús dlí	Críochnaíonn an nós imeachta le cinneadh ón gCoimisiún	An fhéidearthacht go dtabharfadh Ballstát caingeán le haghaidh neamhniú os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE)	An fhéidearthacht go dtabharfadh Ballstát caingeán maidir le saibhriú éagórach a thabhairt os comhair CBAE
ADT	Rialachán Uimh. 609/2014 (MAR1)			
Acmhainn dhílis CBL-bhunaithe	Rialachán Uimh. 1553/1989			
Acmhainn dhílis OIN-bhunaithe	Rialachán Uimh. 609/2014 (MAR1)	Níl aon nós imeachta athbhreithniúcháin beartaithe		
Acmhainn dhílis bunaithe ar dhramhaíl ó phacáistíocht phlaisteach neamh-athchúrsáilte	Rialachán 2021/770 (MAR2)			
Acmhainn dhílis CTA-bhunaithe	Togra	Níl aon nós imeachta athbhreithniúcháin beartaithe		
Acmhainn dhílis SCCT-bhunaithe	Togra			
Acmhainn dhílis bunaithe ar bhrabúis ath-leithdháilte	Togra			

Foinse: CIE, bunaithe ar Rialachán (AE, Euratom) 2021/770 ón gComhairle, Rialachán (CEE, Eurotom) ón gComhairle Uimh.1553/1989, Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 609/2014 ón gComhairle agus an Togra.

36 I dtuairim 2/2021, mholamar gur cheart go mbeartófaí nós imeachta athbhreithniúcháin aonair chun acmhainní dílse a chur ar fáil, ós rud é go bhfuil córas maoinithe an Aontais níos casta mar thoradh ar nósanna imeachta athbhreithniúcháin éagsúla. Coimeádaimid an seasamh sin agus athdhearbhaímid gur “cheart go n-áiritheodh nós imeachta den chineál sin cothromaíocht idir ceart cosanta na mBallstát, an t-ualach riaracháin a d’fhéadfadh a bheith ann don Choimisiún agus na gnéithe sonracha d’fhoinsí aonair ioncaim agus a gcreat dlíthiúil faoi seach”³⁵.

Forálacha críochnaitheacha

37 Molann an Coimisiún gur cheart go mbeadh feidhm ag an rialachán reatha ón 1 Eanáir 2023. Beidh feidhm ag na forálacha maidir le **teacht i bhfeidhm** na n-acmhainní dílse bunaithe ar bhrabúis ath-leithdháilte ó dháta cur chun feidhme rialacháin atá le hullmhú agus le formheas fós, nó an lá a thagann an Coinbhinsiún Iltaoibhach i bhfeidhm, cibé acu sin is déanaí³⁶. Cruthaíonn sé sin éiginnteacht maidir le cén uair a bheifear in ann éifeachtaí na hacmhainne dílse sin a fheiceáil.

38 Ina theannta sin, tugaimid ar aire go bhféadfadh sé nach mbeidh na hathruithe atá beartaithe ar an Treoir CTA (féach mír **05**) agus ar reachtaíocht eárnalach SCCT (féach mír **07**) glactha faoin 1 Eanáir 2023, rud a d’fhéadfadh moill a chur ar chur i bhfeidhm na n-acmhainní dílse gaolmhara agus tionchar suntasach a bheith aige ar bhuiséid na mBallstát mar gheall ar ranníocaíochtaí náisiúnta a bheith á ríomh go cúlghabhálach nuair a thagann ORD i bhfeidhm.

³⁵ Féach moladh 2 de Thuairim 2/2021.

³⁶ Airteagal 22 den Togra.

Leasuithe ar an togra atá beartaithe

39 San *larscribhinn*, leagaimid amach mionathruithe ar an togra atá á mholadh agus déanaimid tráchtanna maidir le pointe sonracha a bhaineann leis an Togra. Níl aon leasú á mholadh againn i gcás ina bhfuil éagsúlacht idir rialacha maidir le hacmhainní dílse nua a chur ar fáil, i gcomparáid leo siúd a bhfuil feidhm acu maidir le ADT agus na hacmhainní dílse atá ann cheana bunaithe ar OIN, CBL agus plaisteach neamh-athchúrsáilte.

Conclúidí

Dul chun cinn déanta maidir le hacmhainní dílse nua a thabhairt isteach

40 Is geal linn an Togra a ghlac an Coimisiún mar chuid den treo-chlár i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach, lena n-áirítear in IIA faoi CAI 2021-2027. Úsáideann sé struchtúr a bhfuil macasamhail MAR1 agus MAR2 (féach [14](#)) atá ann cheana le feiceáil ann, agus beidh sé níos éasca, dá bhrí sin, na rialacha maidir le hacmhainní dílse nua a chur ar fáil a chomhtháthú.

41 Tugaimid dár n-aire na cuir chuige agus na modhanna nua atá beartaithe ag an gCoimisiún maidir le foinsí nua ioncam a dhearadh, go háirithe a mhéid a bhaineann leis na hacmhainní dílse bunaithe ar SCCT agus ar bhrabúis ath-leithdháilte a ríomh, a úsáideann sonraí iarbhir seachas réamhaisnéisí, agus a sheachnaíonn an gá le comhardú (féach mír [24](#)). Is é ár dtuairim go gcuidíonn an méid sin chun intuarthacht a mhéadú, agus go bhféadfadh siad an t-ualach riaracháin a laghdú maidir le hacmhainní dílse a bhainistiú.

Tá gá le tuilleadh comhleanúnachais sna rialacha maidir le hacmhainní dílse a bhainistiú

42 Tugaimid ar aire nach bhfuil na rialacha a thugtar isteach leis an Togra chun acmhainní dílse a bhainistiú comhsheasmhach i gcónaí leo siúd atá leagtha amach i Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 609/2014 ón gComhairle (infheidhme maidir le ADT agus na hacmhainní dílse bunaithe ar OIN agus CBL), Rialachán (AE, Euratom) 2021/770 ón gComhairle (infheidhme maidir leis an acmhainn dhílis bunaithe ar an dramháil ó phacáistíocht phlaisteach neamh-athchúrsáilte) agus i Rialachán (CEE, Euratom) Uimh. 1553/89 ón gComhairle (infheidhme maidir leis an acmhainn dhílis CBL-bhunaithe).

43 Cé go dtugaimid ar aire tréithe sonracha na n-acmhainní dílse nua atá beartaithe, is é ár dtuairim go bhféadfadh tuilleadh ailínithe a dhéanamh i dtéarmaí na mblianta tagartha a úsáidtear chun iad a ríomh (féach míreanna [22](#) go [24](#)), na próisis chun iad a chomhardú agus a choigeartú (féach míreanna [28](#) go [31](#)), sprioc-amanna do cheartúcháin (féach mír [32](#)), an tairseach chun ús a tharscaoileadh ar íocaíochtaí a dhéantar go déanach (féach mír [33](#)), agus nósanna imeachta athbhreithniúcháin (féach míreanna [35](#) agus [36](#)). Molaimid gur cheart don Choimisiún machnamh a dhéanamh ar

na héagsúlachtaí idir na rialacha a laghdú a mhéid is féidir, nuair atá MAR1, MAR2 agus MAR3 á gcumasc ar a dhéanaí.

Tá gá leis na rialacha go léir maidir le hacmhainní dílse a chur ar fáil a chomhtháthú in ngníomh reachtach aonair

44 Sa Togra uaidh, cuireann an Coimisiún in iúl go bhfuil sí den tuairim gur cheart na forálacha uile chun acmhainní dílse a chur ar fáil a chumasc sa todhchaí nuair a chomhaontaítear foinsí nua ioncaim. Cé go dtugaimid an cuspóir sin ar aire, tugaimid ar aire freisin nach bhfuil cumasc na bhforálacha sin go léir beartaithe go fóill. Athdhearbhaímid, le gníomh reachtach aonair le tacar cuimsitheach forálacha chun acmhainní dílse a chur ar fáil, go mbeadh an córas níos simplí agus níos trédhearcaí³⁷. Molaimid go láidir don Choimisiún a mholadh gur cheart na rialacha uile a comhtháthú in aon “Rialachán maidir le cur ar fáil” aonair.

Tá sonraí neamh-leordhóthanacha ann chun measúnú iomchuí a dhéanamh

45 Cé go bhfuil ár mbarúlacha bunaithe ar fhaisnéis phoiblí agus ar shonraí eile bailithe ón gCoimisiún, tá an Togra bunaithe den chuid is mó ar thograí ón gCoimisiún maidir le reachtaíocht eárnalach AE nó maidir le hobair ullmhúcháin ag teacht i dtreo na dtograí sin (féach mír 17). Is príomhdhoiciméid iad sin lena gcuirtear ar ár gcumas Tuairim eolasach a eisiúint, de réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 322(2) CFAE.

46 Ós rud é gur gné thábhachtach de chóras airgeadais an Aontais iad na hacmhainní dílse sin, d’fháilteoidimid roimh Parlaimint na hEorpa agus an Comhairle dul i gcomhairle linn arís nuair atá na sonraí iomlan ar fáil maidir le feidhmiú na n-acmhainní dílse bunaithe ar SCCT agus ar bhrabúis ath-leithdháilte.

³⁷ Mír 12 de thuairim 5/2018 agus mír 37 de thuairim 2/2021.

Is é Seomra 5, faoi cheannas Tony Murphy (Comhalta den Chúirt Iniúchóirí), a ghlac an Tuairim seo i Lucsamburg an 5 Iúil 2022.

Thar ceann na Cúirte Iniúchóirí

A handwritten signature in black ink, appearing to read 'K-H se'.

Klaus-Heiner Lehne
Uachtarán

Iarscríbhinn

Na hathruithe a mholaimid maidir leis an Togra agus tráchtanna ina leith

Téacs an togra	Athrú molta	Nóta tráchta
<p>Airteagal 5(5)</p> <p>“Seolfaidh gach Ballstát chuig an gCoimisiún faoin 31 Iúil ..., ríofa i gcomhréir le hAirteagal 15, ...”</p>	<p><i>“Seolfaidh gach Ballstát chuig an gCoimisiún faoin 31 Iúil ..., ríofa i gcomhréir le hAirteagal 15, ...”</i></p>	<p>Tá tagairt mhícheart sa Togra don Airteagal ábhartha.</p>